Comhairle an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13155/19

ELARG 48
COWEB 121

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12597/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 260 final |
| Ábhar: | MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS - AN ALBÁIN AGUS POBLACHT NA MACADÓINE THUAIDH<br>– Conclúidí ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na conclúidí ón Uachtaránacht maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais - an Albáin agus Poblacht na Macadóine Thuaidh, a eisíodh tar éis chruinniú na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 15 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN UACHTARÁNACHT

## MAIDIR LE MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

## AN ALBÁIN AGUS POBLACHT NA MACADÓINE THUAIDH

Meabhraítear don Uachtaránacht na conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019, inar luadh go bhfillfeadh an Chomhairle, tráth nach déanaí ná Deireadh Fómhair 2019, ar shaincheist na moltaí ón gCoimisiún tús a chur le caibidlíocht aontachais le Poblacht na Macadóine Thuaidh agus leis an Albáin.

I bhfianaise phlé na Comhairle ar Phoblacht na Macadóine Thuaidh agus an Albáin, tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfillfidh an Chomhairle ar an saincheist tar éis an chruinnithe den Chomhairle Eorpach.